# Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 40, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus ar chostais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus seirbhísí áirithe eile a riartar ag an bhFeidhmeannacht, deontais ilghnéitheacha san áireamh.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabal Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Aistriú na bhFeidhmeanna**

Cuireadh i gcrích aistriú na Seirbhíse Leasa Phobail ón FSS chuig an Roinn Coimirce Sóisialta ar 1 Deireadh Fómhair 2011 le haistriú 1,020 ball foirne.

**Ráiteas na bPolasaithe agus na bPrionsabal Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

**Ullmhú an Chuntais Leithreasa ó na Ráitis Bhliantúla Airgeadais (RBA)**

Ceanglaítear ar an FSS ag Alt 36 (2) den Acht Sláinte, 2004 ráitis bhliantúla airgeadais (RBA) a ullmhú i cibé slí a threoródh an tAire Sláinte agus Leanaí agus ceanglaítear orainn ag Alt 36 (3) na cuntais seo a ullmhú de réir na gcaighdeán cuntasaíochta sin a shonraíonn an tAire. Ullmhaítear na RBA ar bhonn ioncaim agus caiteachais. Aithnítear gach ioncam a bhaineann leis an tréimhse, cé acu an bhfuarthas i ndáiríre é nó nach bhfuarthas é agus déantar gach caiteachas a bhaineann leis an tréimhse, idir chaiteachas iarbhír agus chaiteachas fabhraithe, a mhuirearú. Taispeánann iarmhéid an chuntais an farasbarr ioncaim le hais caiteachais nó a mhalairt.

Ullmhaítear an Cuntas Leithreas ar bhonn fáltas agus íocaíochtaí agus aithníonn sé airgead tirim a fuarthas agus a íocadh le linn tréimhse an chuntais. Cuntas neamhcharnach atá ann agus tugtar aon suim ghannchaite ag deireadh na bliana suas don Státchiste.

Cuimsíonn an táille do Vóta FSS caiteachas a thaifeadtar ar bhonn limistéir agus caiteachas a bhaineann le cláir a ndéantar iad a riar ar bhonn náisiúnta. Táirgtear an caiteachas bunaithe ar limistéar do limistéir arbh ann dóibh roimh an FSS agus a fuarthas ó chórais oidhreachta a fheidhmítear sna limistéir sin. Deartar córais airgeadais na Feidhmeannachta le cuntais a tháirgeadh atá ar bhonn fabhraithe agus bíonn na figiúirí ar bhonn airgid thirim a theastaíonn do chuntasaíocht Vóta ag brath ar réiteach suntasach na gcuntas leis na figiúirí fabhraithe. Díorthaítear iad seo ón AFS trí bhaint na míreanna neamhairgid ar fad agus trí anailís a dhéanamh ar gach cuntas sócmhainne agus dliteanais le gach iarmhéid chuntais fhionraí a aithint. Is í príomhghné an phróisis ná go ndéantar gach tacar cuntas a ullmhú ó na hidirbhearta foinse céanna sa deireadh thiar thall. Cuirtear réiteach achoimre thoradh an vóta don AFS san áireamh i Nóta 1.1 den Chuntas Leithreasa.

I ndeireadh na dála, cé go bhfuil sé fíor go dtáirgeann an próiseas seo toradh iomlán ar ionann é agus toradh Vóta na Feidhmeannachta don bhliain, cuimsíonn an táille do roinnt fotheideal aonair cionranna.

***Caiteachas ar Chúram Cónaithe Fadtéarmach***

Achtaíodh Bille Tacaíochta na dTithe Altranais ar 1 Iúil 2009 agus cuireadh tús le Scéim Thacaíochta na dTithe Altranais (NHSS) ar 27 Deireadh Fómhair 2009. Cuireann an scéim tacaíocht airgeadais ar fáil do dhaoine incháilithe i dtreo chostas a gcuid cúraim chónaithe fhadtéarmaigh agus tá i gceist leis socrú comhíocaíochta idir an duine agus an Stát. Baineann an scéim le daoine a bhíonn ag úsáid cúram cónaithe fadtéarmach ó 27 Deireadh Fómhair 2009 ar aghaidh, agus cuireadh í in áit na scéime fóirdheontais a bhí ar siúl ó bhí 1993 ann. Deartar Fotheideal B.12 le míniú a thabhairt ar gach cineál caiteachais ar chúram cónaithe fadtéarmach a chuimsíonn na ceithre eilimintí seo a leanas:

fóirdeontais a íocadh maidir le lucht cónaithe thithe altranais príobháideacha, a bhí ina gcónaí iontu sular tugadh isteach an NHSS agus a shocraigh gan a bheith aistrithe chuig scéim NHSS.

íocaíochtaí leapa conartha a íocadh maidir le lucht cónaithe thithe altranais príobháideacha, a bhí ina gcónaí iontu sular tugadh isteach an NHSS agus a shocraigh gan a bheith aistrithe chuig scéim NHSS.

do thithe altranais príobháideacha maidir le lucht cónaithe atá sa NHSS

céatadán d'ollchaiteachas na n-aonad cúraim cónaithe poiblí.

Déantar na chéad trí eilimint a mhuirearú go díreach chuig an bhfotheideal. Bíonn an ceathrú heilimint bunaithe ar mhúnla leithdháileadh na gcostas a forbraíodh ag an FSS; mar achoimre is féidir a rá go gcionroinneann sé costais a chuid aonad fadchónaithe ar bhonn na leapacha a leithdháiltear ar ghrúpaí cúraim éagsúla.

***Ceapacháin Eile***

Chomh maith le Fotheideal B.12 maoinítear caiteachas áirithe a dhéantar a riar go lárnach faoi láthair (m.sh. conarthaí náisiúnta a íoctar ag FSS Corparáideach) ag na fotheidil bunaithe ar limistéar agus dá réir sin cionroinntear an caiteachas gaolmhar ar fhotheidil bunaithe ar limistéar ar bhonn meastacháin.

***Ráiteas na Sócmhainní Caipitil***

Cuimsíonn na sócmhainní seasta inláimhsithe talamh, foirgnimh, obair idir lámha, trealamh agus mótarfheithiclí. Dearbhaítear breiseanna sócmhainne seasta inláimhsithe ó bhí 1 Eanáir 2005 ann ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Cuirtear na luachanna anonn shócmhainní seasta inláimhsithe a fuarthas ag an FSS ó chomhlachtaí réamhtheachtaithe san áireamh sa chlár comhardaithe tosaigh ar lá a bunaithe, 1 Eanáir 2005, ag a mbunchostas/mbunluacháil. Cuireadh an iarmhéid cuntais chomhiomlán dímheasa ghaolmhar san áireamh freisin sa chlár comhardaithe tosaigh.

Áirítear an dímheas leis an mbunchostas/mbunluacháil de gach sócmhainn sheasta inláimhsithe a dhíscríobh thar a shaolré ionchais eacnamaíoch de réir méid chothroim ag na rátaí seo a leanas.

Talamh: ní dhéantar talamh a dhímheas

Foirgnimh: dímheastar ag 2.5% per annum iad.

Foirgnimh mhodúlacha (.i. foirgnimh réamhdhéanta): dímheasta ag 10% per annum.

Obair idir lámha: gan dímheas.

Trealamh – ríomhairí agus córais TEC: dímheasta ag 33.33% per annum.

Trealamh – eile: dímheasta ag 10% per annum.

Mótarfheithiclí: dímheasta ag 20% per annum.

***Ráiteas na Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt***

Níor cuireadh ráiteas ar leith i gcrích ós rud é go gcuirtear sócmhainní caipitil atá á bhforbairt san áireamh mar obair idir lámha i Ráiteas na Sócmhainní Caipitil.

**Stoic**

Dearbhaítear stoic ag an gcostas níos ísle agus ag an glanluach inréadaithe. Is é atá sa ghlanluach inréadaithe ná fáltais mheasta na ndíolachán lúide na costais atá le tabhú agus an stoc á dhíol.

**Dliteanais Aibithe**

Is é atá i ndliteanais aibithe ná sonraisc a íoctar i Mí Eanáir 2012 a bhí dlite d'íocaíocht roimh 31 Nollaig 2011.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

**Tony O'Brien**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
13 Méan Fomhair 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Rinne mé iniúchadh ar Chuntas Leithghabhála an Vóta 40: Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le haghaidh 2011 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráitis faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús thuairim an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Fuair mé an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a bhfuil gá leo i mo thuairim chun críche m'iniúchta. Measaim gur choinnigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leabhair chuntais chuí. Tá an Cuntas Leithghabhála ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Measaim go gcuireann an Cuntas Leithghabhála fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 i láthair i gceart.

**Séamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
13 Méan Fomhair 2012

# Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | | 2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán FSS** | | | | | |
| A.1 | Tuarastail, pá agus liúntais agus costais riaracháin eile na FSS Corparáidí | | 63,993 | 64,088 | 71,700 |
| A.2 | Athbhreithnithe luach airgid agus beartais | | 389 | 389 | 400 |
| **Réigiúin FSS agus Gníomhaireachtaí Eile Sláinte** | | | | | |
| B.1 | FSS - Réigiún BÁC Lár Laighean | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 1,505,727 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 13,000 | 1,518,727 | 1,480,275 | 1,478,521 |
| B.2 | FSS - Réigiún BÁC Thiar Thuaidh | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 1,366,763 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 14,000 | 1,380,763 | 1,374,969 | 1,400,962 |
| B.3 | FSS - Réigiún an Deiscirt | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 2,137,534 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 11,000 | 2,148,534 | 2,046,367 | 2,148,796 |
| B.4 | FSS - Réigiún an Iarthair | | | | |
| | Meastachán bunaidh | 2,352,724 | | | |
| | Meastachán forlíontach | 10,000 | 2,362,724 | 2,466,424 | 2,483,008 |
| B.5 | Deontais maidir le comhlachtaí sláinte áirithe eile lena n-áirítear ospidéil dheonacha agus chomhbhoird | | 2,240,587 | 2,240,038 | 2,567,531 |
| **Seirbhísí eile** | | | | | |
| B.6 | FSS - seirbhísí cárta leighis agus scéimeanna pobail | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 2,419,539 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 100,000 | 2,519,539 | 2,583,029 | 2,728,989 |
| B.7 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí eile den chineál céanna (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 7,513 | 3,623 | 4,797 |

| | | | 2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| **Seirbhísí eile (ar lean.)** | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.8 | Seirbhísí ospidéil, othair chónaithe, othair chónaithe agus comhairliúcháin do dhaoine a bhfuil Heipitíteas C faighte acu ó úsáid ghlóbailín imdhíonachta frith-D agus soláthar seirbhísí faoin Acht Sláinte (Leasú) 1996 | | 14,458 | 14,461 | 15,182 |
| B.9 | Faoi Bhuntáiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Míchumas (Maoinithe ag na Cuntais Dhíomhaoine) | | 1,500 | 1,242 | 6,119 |
| B.10 | Íocaíocht do chuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 13 den Acht Sláinte (Scéim Aisíocaíochta) 2006 | | 12,000 | 10,500 | 20,000 |
| B.11 | Íocaíocht do chuntas speisialta faoi Alt 4 den Acht (Leasú) um Bhinse Cúitimh Heipitítis C 2006 – Scéim Árachais | | 1,500 | 1,310 | 856 |
| B.12 | Cúram cónaithe fadtéarmach | | 1,026,000 | 1,055,429 | 959,024 |
| B.13 | Forbairtí seirbhíse agus tionscadail seachadtar seirbhíse nuálaíochta | | 71,010 | 60,810 | 57,679 |
| B.14 | Íocaíochtaí don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | | 96,000 | 81,204 | 79,300 |
| **Seirbhísí Caipitil** | | | | | |
| C.1 | Tógáil, feistiú agus fearastú áiseanna sláinte agus áiseanna ardoideachais maidir leis an gclár réamhchlárúcháin don chéim altranais, lena n-áirítear íocaíochtaí maidir le cíos réadmhaoine, costais léasa, srl | | 334,711 | 298,397 | 321,094 |
| C.2 | Tógáil, feistiú agus fearastú áiseanna sláinte (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 2,539 | 2,539 | 2,539 |
| C.3 | Córais eolais agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte | | 125,000 | 101,545 | 106,689 |
| C.4 | Tógáil agus feistiú áiseanna meabhairshláinte agus áiseanna sláinte eile (maoinithe ó dhiúscairt sócmhainní farasbairr) | | 15,000 | 16,191 | 24,735 |

| | | | 2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 13,794,487 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 148,000 | 13,942,487 | 13,902,830 | 14,477,921 |
| | **Bain de:** | | | | |
| D. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | | | 1,482,047 | 1,458,171 | 3,523,317 |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 12,312,440 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 148,000 | | | |
| | | | 12,460,440 | 12,444,659 | 10,954,604 |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | | €15,780,712 | €168,977,062 |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2011

| | | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas ar riarachán corparáideach FSS | | 64,477 | 72,100 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 13,838,353 | 14,405,821 |
| **Ollchaiteachas** | | 13,902,830 | 14,477,921 |
| Bain de | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | 1,458,171 | 3,523,317 |
| **Glanchaiteachas** | | 12,444,659 | 10,954,604 |
| | | | |
| **Athruithe sna sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin | (176,129) | | |
| Dímheas | 170,690 | | |
| Diúscairtí in airgead tirim | 6,857 | | |
| Brabús ar dhiúscairtí | (1,027) | 391 | (131,289) |
| | | | |
| **Athruithe sna glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú sna fabhruithe dúnta | | (139,595) | (144,811) |
| Laghdú stoic | | 6,566 | 18,520 |
| **Caiteachas díreach** | | 12,312,021 | 10,697,024 |

**1.1 Réiteach an chostais oibriúcháin leis an gcaiteachas a aithnítear sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla**

| | | |
|---|---|---|
| Costas oibriúcháin | 12,312,021 | 10,697,024 |
| Caiteachas a ndearnadh freastal air ó ioncam eile | 1,587,385 | 3,615,806 |
| Caiteachas caipitil eile a mhuirearaítear go hioncam agus chuig an gcuntas caiteachais | 176,129 | 338,666 |
| Dímheas | (170,690) | (195,067) |
| (Caillteanas) / brabús ar dhiúscairtí | 1,027 | (8,794) |
| Caiteachas per Cuntais Ioncaim agus Caiteachais | **13,905,872** | **14,447,635** |
| | | |
| Caiteachas ioncaim Coimisinéirí Ioncaim per ioncam Coimisinéirí Ioncaim agus cuntas caiteachais | 13,588,194 | 14,077,269 |
| Caiteachas caipitil per ioncam caipitil agus cuntas caiteachais | 317,678 | 370,366 |
| Caiteachas per Cuntais Ioncaim agus Caiteachais | **13,905,872** | **14,447,635** |

Anailís air mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| **Pá agus pinsin Coimisinéirí Ioncaim** | | |
| Cliniciúil | 2,891,917 | 2,891,568 |
| Neamhchliniciúil | 937,604 | 984,792 |
| Seirbhísí eile cliaint/othair | 655,083 | 650,878 |
| Aoisliúntas | 567,184 | 617,563 |
| **Fo-iomlán pá agus pinsean** | **5,051,788** | **5,144,801** |
| | | |
| **Neamhphá Coimisinéirí Ioncaim** | | |
| Cliniciúil | 829,711 | 904,442 |
| Seirbhísí iompair othair agus otharlainne | 56,033 | 56,662 |
| Scéimeanna cúraim phríomhúil agus cárta leighis | 2,831,471 | 2,980,609 |
| Seirbhísí eile cliaint/othair | 65,357 | 75,639 |
| Deontais chuig gníomhaireachtaí seachtracha | 3,449,704 | 3,647,081 |
| Bainistí | 227,815 | 227,190 |
| Costais oifige agus riaracháin | 378,441 | 415,783 |
| Táillí fadchónaithe a aisíocadh do na hothair | 9,397 | 20,962 |
| Scéim Árachais Heipitítis C | 980 | 560 |
| Costais oibriúcháin eile | 45,679 | 44,543 |
| Íocaíochtaí don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoin scéim Slánaíochta Cliniciúla | 81,204 | 79,283 |
| Scéim tacaíochta na dtithe altranais (Fair Deal) | 560,614 | 479,714 |
| **Fo-iomlán neamhphá** | 8,536,406 | 8,932,468 |
| | | |
| **Caiteachas caipitil** | | |
| Deontais chaipitil do ghníomhaireachtaí seachtracha | 132,755 | 130,164 |
| Caiteachas caipitil ar thionscadail FSS | 184,923 | 240,202 |
| **Fo-iomlán caipitil** | 317,678 | 370,366 |
| | | |
| **Caiteachas iomlán per cuntais ioncaim agus chaiteachais** | **13,905,872** | **14,447,635** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.1 | 5,266,194 | 5,274,663 |
| Sócmhainní Airgeadais | | 3 | 3 |
| | | 5,266,197 | 5,274,666 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 28,350 | 21,451 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | | 103,513 | 105,668 |
| Stoic | 2.3 | 121,521 | 128,087 |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | | 229,792 | 169,996 |
| Réamhíoc go hOspidéal Adelaide agus na Mí | | 23,760 | — |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.4 | 55,788 | 67,775 |
| **Iomlán Sócmhainní Reatha** | | 562,724 | 492,977 |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe | | 150,448 | 164,670 |
| Costais fhabhraithe | | 1,250,602 | 1,289,321 |
| Ioncam iarchurtha | | 9,634 | 6,253 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.5 | 171,919 | 176,917 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.6 | 15,731 | 17,977 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 1,598,334 | 1,655,138 |
| **Glansócmhainní reatha** | | (1,035,610) | (1,162,161) |
| **Glansócmhainní** | | 4,230,587 | 4,112,505 |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | | 4,230,587 | 4,112,505 |

## 2.1 Ráiteas na Sócmhainní Caipitil

| | Talamh | Foirgnimh | Obair idir Lámha | Trealamh | Feithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011 | 2,028,693 | 3,217,958 | 399,120 | 1,147,811 | 93,589 | 6,887,171 |
| Aistrithe | 10 | 240,713 | (260,954) | 13,538 | 6,693 | — |
| Breiseanna | 1,318 | 12,305 | 116,385 | 45,105 | 1,016 | 176,129 |
| Diúscairtí | (8,188) | (2,362) | (678) | (19,259) | (10,340) | (40,827) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011 | 2,021,833 | 3,468,614 | 253,873 | 1,187,195 | 90,958 | 7,022,473 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011 | — | 685,750 | — | 848,151 | 78,607 | 1,612,508 |
| Dímheas don bhliain | — | 88,821 | — | 74,261 | 7,608 | 170,690 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (572) | — | (17,813) | (8,534) | (26,919) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011 | — | 773,999 | — | 904,599 | 77,681 | 1,756,279 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **2,021,833** | **2,694,615** | **253,873** | **282,596** | **13,277** | **5,266,194** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010** | **2,028,693** | **2,532,208** | **399,120** | **299,660** | **14,982** | **5,274,663** |

## 2.2 Banc agus Airgead Tirim

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Óinchiste/mionairgead na n-oifigeach | 652 | 570 |
| Iarmhéideanna cuntais bhainc thráchtála | 27,698 | 20,881 |
| | 28,350 | 21,451 |

## 2.3 Stoic

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Soláthair mhíochaine, fhiaclóireachta agus mháinliachta | 32,610 | 34,050 |
| Soláthair shaotharlainne | 6,193 | 6,478 |
| Soláthair chógaisíochta | 17,974 | 19,361 |
| Stoic chógaisíochta ardteicneolaíochta | 32,403 | 30,926 |
| Stoic dháileacháin chógaisíochta | 1,716 | 2,001 |
| Fuil agus táirgí fola | 1,300 | 1,408 |
| Stoic vaicsíne | 17,601 | 21,655 |
| Seirbhísí tí | 8,881 | 9,217 |
| Páipéarachas agus soláthair oifige | 2,275 | 2,387 |
| Ilnithe | 568 | 604 |
| | 121,521 | 128,087 |

## 2.4 Iarmhéideanna eile dochair

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí párolla | 4,441 | 4,855 |
| Airleacain do Chógaiseoirí | 470 | 11,926 |
| Iasacht | 2,902 | 2,692 |
| Coigeartú teicniúil párolla | 33,720 | 36,092 |
| An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | 1,565 | 1,309 |
| Údaráis Áitiúla | 4,582 | 4,935 |
| Féichiúnaithe SWA | — | (1) |
| Fionraí réamhíocaíochtaí | — | 15 |
| Fionraí eile féichiúnaithe | 8,108 | 5,952 |
| | 55,788 | 67,775 |

## 2.5 Iarmhéideanna eile creidmheasa

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 70,838 | 57,967 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 43,081 | 49,913 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 19,671 | 20,746 |
| Cáin Bhreisluacha | 4,600 | 4,788 |
| Asbhaintí párolla agus iarmhéideanna eile creidmheasa | 18,500 | 31,467 |
| Iarmhéideanna speisialta ioncaim agus caiteachais | 15,229 | 11,849 |
| Airleacan ón VHI | — | 187 |
| | 171,919 | 176,917 |

## 2.6 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr leithreasaí le tabhairt suas | 15,781 | 168,977 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (50) | (151,000) |
| Glandliteanas don Státchiste | 15,731 | 17,977 |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Glaniarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 131,862 | 127,119 |
| Féichiúnaithe eile fionraí | 55,788 | 67,775 |
| | 187,650 | 194,894 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (138,190) | (133,414) |
| Iarmhéideanna speisialta ioncaim agus caiteachais | (15,229) | (11,849) |
| Asbhaintí den phárolla agus iarmhéideanna eile | (18,500) | (31,654) |
| | (171,919) | (176,917) |
| | | |
| | 15,731 | 17,977 |

## 2.7 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Ceangaltais ar dócha go n-eascróidh siad sna blianta dar gcionn do: | | |
| Fotheidil soláthair | 205,204 | 238,346 |
| Léasanna oibriúcháin | 38,012 | 32,573 |
| Léasanna airgeadais | 37,993 | 40,310 |

| **Ceangaltais chaipitil atá in-fheidhmithe go dlíthiúil** | **Caiteachas carnach go 31 Nollaig 2011** | **Le híoc sna blianta dar gcionn** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|
| **Seirbhísí Ospidéil** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Forbairt an Champais Mater | 144.36 | 43.00 | 187.36 |
| Ospidéal Réigiún an Lár-Iarthair - Bloc Cúraim Chriticiúil | 17.60 | 14.00 | 31.60 |
| Ospidéal Ginearálta na hInse - Céim 1 | 6.40 | 0.78 | 7.18 |
| Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn - Bloc an Bharda Mhíochaine | 18.44 | 2.82 | 21.26 |
| OOC - Cairdiach agus Duánach | 62.89 | 4.75 | 67.64 |
| Córas Bainistithe Comhtháite na nOthar (IPMS) | 28.57 | 0.19 | 28.76 |
| Bord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Phéidiatraicigh | 28.77 | 10.50 | 39.27 |
| Ospidéal Ollscoile Naomh Uinsionn | 2.63 | 27.11 | 29.74 |
| An Córas Náisiúnta d'Íomháú Chun Críocha Liachta (NIMIS) | 12.92 | 16.50 | 29.42 |
| Rialú Náisiúnta Ailse - Tionscadal tacaíochta teicniúla don Phlean Náisiúnta d'Oinceolaíochta Radaíochta (NPRO), áiseanna Céim 2, Céim 1 ag Ospidéil Naomh Séamas & Beaumont | 71.65 | 1.00 | 72.65 |
| Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge | 5.55 | 8.59 | 14.14 |
| Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir - Bloc Máinliachta | 18.62 | 0.25 | 18.87 |
| Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha - Síniú & Athchóiriú T & E | 30.85 | 0.17 | 31.02 |
| **Iomlán** | **449.25** | **129.66** | **578.91** |

| **Tiomantais Chaipitil atá In-fheidhmithe go Dlíthiúil** | **Caiteachas carnach go 31 Nollaig 2011** | **Le híoc sna blianta dar gcionn** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** |
| **Seirbhísí Pobail** | | | |
| Caiseal, Céim 2 | 12.76 | 0.31 | 13.07 |
| Aonad Meabhairshláinte Chluain Meala | 6.60 | 1.00 | 7.60 |
| Forbairt Ghráinseach Ghormáin | 4.37 | 16.90 | 21.27 |
| Aonad Sláinte Pobail, an Uaimh | 11.98 | 0.39 | 12.37 |
| Gort na Silíní | 7.32 | 1.00 | 8.32 |
| Lárionad Seirbhísí Meabhairshláinte & Cúraim Phríomhúil - Baile Formaid | 10.43 | 1.17 | 11.60 |
| Ospidéal N. Lomáin - Athfhorbairt Phobail | 11.12 | 0.25 | 11.37 |
| Lárionad Cúraim Phríomhúil Inse Chór | 20.57 | 0.15 | 20.72 |
| Ospidéal N. Muire, an Muileann gCearr - CNU | 12.48 | 1.89 | 14.37 |
| Aonad Síciatrach Leanaí & Déagóirí N. Áine | 7.53 | 0.13 | 7.66 |
| **Iomlán** | **105.16** | **23.19** | **128.35** |

## 2.8 Dliteanais Aibithe

Ba é luach iomlán na ndliteanas aibithe neamhscaoilte ag 31 Nollaig 2011 ná €25.3m.

## 3 Athruithe maidir le Caiteachas

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheidil chaiteachais mar a raibh an toradh éagsúil ón tsuim a cuireadh ar fáil faoi níos mó ná €100,000, agus faoi níos mó ná 5%.

| Fotheideal | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| B.7. | 3,890 | Ní íoctar deontais Chrannchuir Náisiúnta go dtí go gcomhlíontar coinníollacha an deontais. Ba é luach na ndeontas faofa neamhíoctha ag 31 Nollaig 2011 ná €1m. |
| B.9. | 258 | Bíonn caiteachas ag brath ar ionú na n-éileamh a fuarthas ó Phobal agus ar leibhéal na dtarraingtí siar deontais. Níltear ag dréim le haon íocaíochtaí breise a bheith déanta do Phobal. |
| B.10 | 1,500 | Bhí na hathíocaíochtaí chuig na hiarrthóirí níba lú ná mar a bhíothas ag dréim leis. |
| B.11 | 190 | Tá difríocht ionaithe le sonrú idir an caiteachas sin a thabhaítear ag an FSS maidir leis an Scéim Árachais agus na híocaíochtaí gaolmhara leis an gCuntas Speisialta. |
| B.13. | 10,200 | Níor cuireadh tús le caiteachas ar roinnt forbairtí seirbhíse (An Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse, Seirbhísí do Leanaí agus do Theaghlaigh) go dtí dara leath 2011. |
| B.14. | 14,796 | Bíonn an caiteachas ag brath ar ionú agus ar luach na n-éileamh a fhaightear ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. |
| C.1. | 36,314 | Bainistíodh caiteachas caipitil ar thionscadail tógála go dian i ndara leath 2011 le cinntiú go mbainfeadh an FSS cóimheá airgid amach. Briseadh roinnt mórthionscadal tógála ar níos lú ná mar a réamh-mheasadh, lena n-áirítear an tOspidéal Náisiúnta Péidiatraiceach, Ospidéal an Mater do Dhaoine Fásta, NIMIS agus an Bloc Cúraim Chriticiúil, Luimneach. Bainistíodh leithdháiltí tógála ar bhealach comhdhlúite le cinntiú go mbeadh an caiteachas fotheidil do chúrsaí tógála laistigh den leithdháileadh iomlán atá ar fáil. |
| C.3. | 23,455 | Gineadh an farasabarr faoin bhfotheideal seo ag moill maidir le cur chun cinn tionscadal mar gheall ar ghannchion sa toilleadh gnó le hacmhainní a chur ar fáil do chur i bhfeidhm tionscadal in éineacht le riachtanais próisis soláthair phoiblí ar féidir go mbeadh de thoradh orthu aga moille idir faomhadh agus tosú an chur i bhfeidhm. |
| C.4. | (1,191) | Sháraigh an caiteachas caipitil ar thionscadail sláinte meabhrach an leithdháileadh faoi €1.19m; cúitíodh sin, áfach, ag gannchaiteachas i C.1/C/2. Bainistíodh leithdháiltí tógála ar bhealach comhdhlúite le cinntiú go mbeadh an caiteachas fotheidil do chúrsaí tógála laistigh den leithdháileadh iomlán atá ar fáil. |

## 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2011<br>Measta<br>€000 | 2011<br>Réadaithe<br>€000 | 2010<br>Réadaithe<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| 1. | Fáltais ó ranníocaíochtaí sláinte | — | — | 2,017,657 |
| 2. | Athsholáthar chostas na seirbhísí sláinte a sholáthraítear faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh | 220,000 | 270,000 | 320,000 |
| 3. | Fáltais ó dhleachtanna máil áirithe ar tháirgí tobac | 167,605 | 167,605 | 167,605 |
| 4. | Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Oftailmeacha ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 5,000 | 1,300 | 3,788 |
| 5. | Costais áirithe na Scéime Cóireála Fiacla ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 8,000 | 1,300 | 9,194 |
| 6. | Táillí reachtúla in ospidéil phoiblí, táillí fadchónaithe agus táillí don chothabháil i gcóiríocht phríobháideach agus leathphríobháideach in ospidéil phoiblí | 376,000 | 331,501 | 312,601 |
| 7. | Faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta agus míchumas (Maoinithe ag na Cuntais Díomhaoine) | 1,500 | 1,242 | 6,119 |
| 8. | Aoisliúntais | 199,986 | 197,874 | 203,279 |
| 9. | Fáltais ilghnéitheacha | 151,800 | 119,694 | 115,961 |
| 10. | Fáltais ó dhiúscairt áiseanna meabhairshláinte agus áiseanna sláinte eile. | 15,000 | 6,812 | 3,586 |
| 11. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair seirbhíse poiblí | 337,156 | 360,843 | 363,527 |
| | **Iomlán** | **1,482,047** | **1,458,171** | **3,523,317** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 2. | (50,000) | Bunaítear ionú na bhfáltas ar dhul chun cinn na bpléite idir an Roinn Sláinte agus Roinn Sláinte RA. |
| 4. | 3,700 | Bhí de thoradh ar athruithe sa scéim a bhain le méid na gcineálacha córa leighis a chlúdaítear ag an scéim fáltais níos ísle ón gCiste Árachais Shóisialaigh. |
| 5. | 6,700 | Bhí de thoradh ar athruithe sa scéim a bhain le méid na gcineálacha córa leighis a chlúdaítear ag an scéim fáltais níos ísle ón gCiste Árachais Shóisialaigh. |
| 6. | 44,499 | Níor baineadh amach an sprioc fáltais airgid thirim luathaithe a leagadh amach sa tsuim a soláthraíodh sa mheastachán. |
| 7. | 258 | Tá scéim na gCuntas Díomhaoin á tabhairt chun críche. Níltear ag súil le haon chistí breise a íoc do Phobal. |
| 9. | 32,106 | Bhí na fáltais ilghnéitheacha níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| 10. | 8,188 | Comhaontaíodh díolacháin ar luach 12m i 2011. Fuair an FSS €6.8m ó na díolacháin chomhaontaithe agus cuirfear an iarmhéid i gcrích i 2012. Chuaigh an sprioceasnamh díolacháin i bhfeidhm ar an gcumas an leithdháileadh iomlán C.1/C.2 agus C.4 a chaitheamh. |
| 11. | (23,687) | Bhí na fáltais ón asbhaint a bhain le pinsean níos airde ná mar a measadh. |

## 4.2 Réiteach an Ioncaim RAF le Leithreasaí i gCabhair

| | Ioncam | Caipiteal | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Iomlán per ráitis airgeadais bhliantúla | 13,686,620 | 345,424 | 14,032,044 |
| Lúide deontais Státchiste | (12,111,829) | (332,830) | (12,444,659) |
| **Iomlán Ioncam Eile per Ráitis Airgeadais Bhliantúla** | **1,574,791** | **12,594** | **1,587,385** |
| **Lúide ioncam creidiúnaithe do chuntas fionraí** | | | |
| An Roinn Sláinte | | | (21,592) |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | | | (1,205) |
| An Bord Taighde Sláinte | | | (1,333) |
| Foinsí eile Stáit | | | (523) |
| Seirbhísí Gníomhaireachta | | | (8,545) |
| Asbhaintí eile párolla | | | (9,626) |
| Fáltais NTPF / neamhairgead tirim | | | (7,945) |
| Fáltais chaipitil ó fhoinsí eile Stáit | | | (5,658) |
| **Lúide gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | | |
| Difríocht idir fháltais airgid thirim othair agus ioncam cothabhála | | | (33,819) |
| Gluaiseacht i bhféichiúnaithe eile neamhVóta | | | (38,968) |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | | **1,458,171** |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsir**e) ag deireadh na bliana** | 67,722 | 70,789 |

| **Anailís achoimrithe na gcostas pá agus pinsin** | **2011 €000** | **2010 €000** |
|---|---|---|
| Bunphá | 3,550,680 | 3,574,545 |
| Liúntais | 122,392 | 124,009 |
| Ragobair | 169,857 | 177,079 |
| Dualgas oíche | 74,181 | 73,054 |
| Deireadh Seachtaine | 182,372 | 189,795 |
| Ar glao-dhualgas | 49,873 | 55,353 |
| Riaráiste | 15,430 | 21,629 |
| ÁSPC an Fhostóra | 319,819 | 311,773 |
| Aoisliúntais | 567,184 | 617,564 |
| **Pá iomlán** | **5,051,788** | **5,144,801** |

Baineann costais agus uimhreacha pá FSS le fostaithe FSS amháin. Nochtaítear na figiúirí thuasluaite ar bhonn ioncaim agus caiteachais.

## 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre[1]

| | **Líon na bhFaighteoirí[2]** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht aonair[3] 2011 €** | **Uasíocaíocht aonair 2010 €** |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais | 41,834 | 1,130 | 143,238 | 186,004 |
| Ragobair | 24,183 | 5,153 | 153,250 | 135,100 |
| Dualgas oíche | 33,800 | 181 | 20,025 | 19,763 |
| Deireadh Seachtaine | 51,503 | 695 | 16,819 | 30,684 |
| Ar glao-dhualgas | 7,228 | 1,512 | 110,624 | 111,675 |
| Eile[4] | 12,080 | 110 | 89,770 | 104,460 |

[1] Baineann íocaíochtaí le fostaithe FSS amháin.

[2] Fuair daoine áirithe luach saothair i mbreis is catagóir amháin.

[3] Is féidir go gcuimseodh an t-uasliúntas aonair agus na híocaíochtaí ragoibre suimeanna a íocadh i 2011 maidir le blianta eile roimhe seo.

[4] Cuimsíonn 'eile' íocaíochtaí seisiúnacha a mhínítear mar chostais phárolla.

## 5.2 Íocaíochtaí feidhmíochta agus fiúntais

Ba é an riaráiste pá a bhain le feidhmíocht a íocadh i 2011 ná €2,008.

Ba é luach na n-aiscí (seachas cnapshuimeanna pinsin) a íocadh i 2011 ná €4.9m (€1.8m i 2010).

## 5.3 Socruithe eile maidir le Luach Saothair

Ba é luach na n-íocaíochtaí do bhaill fhoirne do sheirbhísí i 2011 ná €11.6m (€14.6m i 2010) agus baineann sin le híocaíochtaí tuarastail agus agallóra do bhaill fhoirne FSS ar scor (seachas íocaíochtaí do bhaill fhoirne gníomhaireachta).

Rinneadh íocaíochtaí de €0.6m i 2011 ag eascairt as íocaíochtaí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais/ na gCoimisinéirí um Chearta.

Ba é luach iomlán na scaoilíocaíochtaí i 2011 ná €0.1m.

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú Crannchuir Náisiúnta

San iomlán íocadh €3.623m do limistéir FSS. Déantar achoimriú ar fhaighteoirí an mhaoinithe agus ar an méid a íocadh, thíos. Tá liosta ar fáil ar shuíomh gréasáin na FSS (www.hse.ie).

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Blocleithdháiltí ar Réigiúin FSS** | **€000** | **€000** |
| Réigiún BÁC Lár Laighean | 929 | 1,497 |
| Réigiún BÁC Thoir Thuaidh | 580 | 1,176 |
| Réigiún an Deiscirt | 1,044 | 1,045 |
| Réigiún an Iarthair | 1,070 | 1,079 |
| **Iomlán** | **3,623** | **4,797** |

## 6.2 Díscríobh

Le linn 2011, dhíscríobh an FSS drochfhiacha ar luach €12.1m agus méadaíodh an soláthar do dhrochfhiacha faoi €1.5m mar seo a leanas:

| | Fiacha Díscríofa | Gluaiseacht i Soláthar |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| Táillí príobháideacha | 4.7 | 4.3 |
| Táillí othair chónaithe | 2.1 | (0.2) |
| Táillí rannóige éigeandála | 2.2 | (0.8) |
| Timpistí bóthair | 2.0 | (3.3) |
| Fadchónaithe | 0.3 | 1.4 |
| Fiacha nár bhain le hothair | 0.8 | 0.1 |
| **Iomlán** | **12.1** | **1.5** |

Dhíscríobh an FSS stoc ar luach €7.9m do vacsaíní as dáta (Pandemrix), a ceannaíodh an chéad uair d'úsáid in aghaidh víreas H1N1.

## 6.3 Táillí Dlíthiúla agus Cúiteamh

San iomlán bhí 917 éileamh gan íoc in aghaidh na FSS le hárachóirí FSS ag deireadh 2011.

San iomlán bhí 2,691 éileamh gan íoc in aghaidh na FSS leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag 31 Nollaig 2011.

D'íoc an FSS €0.9m breise maidir le héilimh éagsúla a tugadh ina haghaidh agus a réitíodh i 2011 ach nár clúdaíodh faoin árachas.

Bhí 39 éileamh gan íoc ag an FSS do chúiteamh ag 31 Nollaig 2011 nach bhfuil clúdaithe ag polasaí árachais FSS.

Bhí luach €0.06m ar íocaíochtaí eile ex-gratia agus bhí luach €0.9m ar íocaíochtaí ilghnéitheacha eile.

Suas go 31 Nollaig 2009 bhí árachas ag an FSS in aghaidh dliteanas an fhostóra agus in aghaidh rioscaí dliteanais phoiblí suas go teorainn chúitimh, faoi bhoinn aisráta agus ráta chomhréidh araon. Faoin mbonn aisráta, ní dhéantar an phréimh dheiridh a chinneadh go dtí deireadh na tréimhse clúdaigh agus bunaítear í ar thaithí chaillteanais na FSS don tréimhse chéanna. Tá an coigeartú aisráta atá iníoctha ag an FSS faoi réir ag uasteorainneacha agus ag íosteorainneacha. Ag 31 Nollaig 2011 níorbh fhéidir an dliteanas a chainníochtú go cruinn, más ann dó, ar féidir go n-eascródh sé de thoradh ar aisrátáil amach anseo. Is iad na huasdliteanais d'éilimh aisráta atá fós le híoc, bunaithe ar leibhéil chomhaontaithe gach riosca inárachais ná €4,699 agus €2,394,662 do dhliteanas an fhostóra agus don dliteanas poiblí faoi seach. Íocadh gach préimh árachais ó 1 Eanáir 2001 ar bhonn ráta chomhréidh amháin agus ní bhaineann aon aisráta leis an gclúdach ón dáta seo ar aghaidh.

Ó bhí an 1 Iúil 2009 ann maoinítear an FSS d'éilimh a dhéantar a phróiseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoi théarmaí na Scéime Slánaíochta Cliniciúla. Ó 1 Eanáir 2010 shín Ordú Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Tarmligean na bhFeidhmeanna) 2009 slánaíocht an Stáit d'éilimh díobhála pearsanta agus d'éilimh dhamáiste do mhaoin tríú páirtí in aghaidh na FSS. Mínítear íocaíochtaí a íocadh d'éilitheoirí faoi théarmaí na scéime ar bhonn íoctar mar a úsáidtear. Ag 31 Nollaig 2011, ba é luach an dliteanais mheasta a tabhaíodh suas chuig an dáta sin faoin Scéim Shlánaíochta Cliniciúla agus ba í Slánaíocht an Stáit ná €866m.

## 6.4 Ús a bhaineann le hÍoc Pras Cuntas

Ba é luach an úis d'Íoc Pras a íocadh ag an FSS i 2011 ná €0.3m (€0.3m i 2010).

## 6.5 Dliteanais theagmhasacha

Thaisc cógaiseoirí éileamh leis an FSS do chaillteanas marcála suas miondíola ar tháirgí a dhíoltar faoi théarmaí an chárta leighis do dhaoine thar 70 bliain, táirgí a bheadh faoi réir, murach sin, ag corrlach níos airde nuair nach raibh lánteidlíocht i gceist. Tá €100 milliún i gceist leis an éileamh, sin sa bhreis ar an tsuim de €30 milliún a íoctar per annum faoi láthair. Thug Aontas Cógaisíochta na hÉireann (IPU) le fios go dtabharfaidh siad faoi eadráin neamhcheangailteach ach is féidir go dtógfaidh siad cás cúirte in aghaidh na FSS má bhíonn siad míshásta leis an toradh. Chuir an tAire Sláinte deireadh le teidlíocht uilíoch chárta leighis do dhaoine thar 70 bliain d'aois i 2009. Tá deimhnithe ag an Roinn Sláinte go bhfuil an beartas curtha i bhfeidhm ag an FSS faoi mar a leagadh amach é agus faoi mar a bhí i gceist thar an tréimhse ina raibh teidlíocht uathoibríoch ag baint le daoine thar 70 bliain d'aois.

Tá baint ag an FSS le roinnt éileamh ina bhfuil imeachtaí dlíthiúla i gceist ar féidir go nginfidh siad dliteanais, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá clúdach árachais ag an FSS d'éilimh dhliteanais phoiblí agus fhostóra, dóiteáin agus d'éilimh shonracha gach cineál riosca. I mórchuid na gcásanna bheadh a leithéid d'árachas dóthaineach le gach costas a chlúdach, ach ní féidir bheith cinnte faoi sin.

## 6.6 Eile

D'íoc an FSS €5.2m maidir le préimheanna árachais i 2011(€7.4m i 2010) agus léirítear sin sa toradh d'Fhotheideal A.1 agus B.1 go B.4.